Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2022**
**(OR. fr)**

**5742/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0016(COD)**

**AGRILEG 9**
**SEMENCES 2**
**CODEC 86**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 26 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 26 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 26 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2022
COM(2022) 26 final

2022/0016 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Le Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle tá tríú tíortha áirithe coibhéiseach a mhéid a bhaineann le cigireachtaí allamuigh agus le táirgeadh síl speiceas áirithe a dhéantar i gcomhréir le Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE. Maidir leis na forálacha náisiúnta lena rialaítear síol a bhuaintear agus a rialaítear sna tíortha sin, tá ag gabháil leo na ráthaíochtaí céanna a mhéid a bhaineann le saintréithe an tsíl agus leis na socruithe i dtaca lena scrúdú, i dtaca le sainaithint an tsíl a áirithiú, i dtaca le marcáil agus le rialú agus atá ag gabháil leis na forálacha is infheidhme maidir le síol a bhuaintear agus a rialaítear laistigh den Aontas Eorpach. Is féidir síol ó na tríú tíortha sin a chur ar an margadh ina dhiaidh sin san Aontas. Rannchuidíonn an córas coibhéise le soláthar leanúnach síl a choinneáil san Aontas.

Rachaidh Cinneadh 2003/17/CE in éag an 31 Nollaig 2022. Tá sé de chuspóir ag an togra seo síneadh a chur le tréimhse chur i bhfeidhm an Chinnidh seo d'fhonn aon bhaol go gcuirfí isteach ar allmhairiú síl isteach san Aontas a sheachaint. Chun táirgeadh síl arna dheimhniú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, is gá roinnt infheistíochtaí a dhéanamh (mar shampla, cineálacha a chlárú i gCatalóga Coiteanna an Aontais). Ina theannta sin, teastaíonn roinnt blianta iolrúcháin chun cainníochtaí leordhóthanacha síl a fháil le cur ar an margadh. Agus na gnéithe sin á gcur san áireamh, meastar gurb iomchuí síneadh seacht mbliana a chur leis an tréimhse a n-aithnítear coibhéis ina leith.

Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag an togra seo an Bholaiv a chur leis an liosta de thríú tíortha ar ina leith a aithnítear an choibhéis. Níl an Bholaiv ar áireamh i liosta na dtríú tíortha sin. Dá bhrí sin, ní féidir, faoi láthair, síol gránach (idir arbhar Indiach agus sorgam) agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín (lus na gréine) a bhaintear sa Bholaiv a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach.

Chuir an Bholaiv iarratas faoi bhráid an Choimisiúin an 29 Eanáir 2016, ag iarraidh ar an gCoimisiún síol sorgaim, arbhar Indiach agus lus na gréine a tháirgtear sa Bholaiv a mheas mar shíol a thugann na dearbhuithe céanna le síol a tháirgtear san Aontas maidir le céannacht, sláinte agus cáilíocht an tsíl trí rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis ábhartha na tíre.

I ndiaidh an iarratais sin, rinne an Coimisiún measúnú ar reachtaíocht reatha na Bolaive agus rinne sé iniúchadh sa Bholaiv ar a chóras táirgthe agus deimhnithe síl[1]. Mhol an Coimisiún go ndéanfaí roinnt rialacha agus caighdeán teicniúil a chuirtear i bhfeidhm sa Bholaiv maidir le táirgeadh agus deimhniú síl a thabhairt i gcomhréir le ceanglais Scéimeanna Síolta ECFE agus le Treoracha 66/402/CEE agus 2002/57/CE. Faoin 30 Samhain 2018, bhí na Rúin Riaracháin go léir glactha ag an mBolaiv a raibh gá leo chun na moltaí ón gCoimisiún a chur chun feidhme, rud a thug ar an gCoimisiún a mheas go mbaineann an dearbhú céanna le córas na Bolaive atá i bhfeidhm agus a bhaineann le córas na Bolaive.

Leis an togra spreagfar trádáil síl idir an Bholaiv agus an tAontas. Trí infheistíocht a dhéanamh i gcumais táirgthe síl sa Bholaiv, is féidir le cuideachtaí atá bunaithe san Aontas agus atá i dteideal cineálacha arbhair Indiaigh, sorgaim agus lus na gréine atá san áireamh i

---

[1] Tuarascáil deiridh ar iniúchadh a rinneadh i Stát Ilnáisiúnach na Bolaive ón 14 Márta 2018 go dtí an 22 Márta 2018 chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras rialuithe oifigiúla agus ar dheimhniú síl agus ar a gcoibhéis le ceanglais an Aontais Eorpaigh, http://ec.europa.eu/food/fvo/rep_details_2_en.cfm?rep_id=4005.

gcatalóg choiteann an Aontais de chineálacha a iolrú, is féidir leo a limistéir táirgthe síl a éagsúlú chun na rioscaí a bhaineann le táirgeadh in aon chrios aeráide amháin a laghdú. Is é an príomhbhuntáiste a bheadh ag an mBolaiv ar mhargadh an Aontais ná táirgeadh frithshéasúrach síl, rud a chinnteodh go mbeadh síolta áirithe ar fáil san earrach sa Leathsféar Thuaidh. Trí choibhéis an Aontais a dheonú, rannchuideofaí dá bhrí sin le soláthar leanúnach síl ar ardchaighdeán a choinneáil san Aontas. D'fhéadfadh sé freisin go mbeadh sé níos tarraingtí do chuideachtaí atá bunaithe san Aontas infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt talmhaíochta na Bolaive ós rud é go mbeadh an tAontas ina mhargadh onnmhairiúcháin.

Ar na cúiseanna thuasluaite, is iomchuí a aithint go bhfuil córas táirgthe agus deimhnithe síl na Bolaive coibhéiseach le córas an Aontais, agus is féidir allmhairí de shíol sorgaim, d'arbhar Indiach agus de shíol lus na gréine ón tír sin chuig margadh an Aontais a cheadú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an Togra seo cuirtear na ceanglais atá ann cheana chun feidhme go teicniúil agus tá sé comhsheasmhach, dá bhrí sin, le forálacha beartais atá ann cheana i réimse beartais margaithe síolta.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo ag teacht le cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta agus é d'aidhm aige leanúint go réidh leis an trádáil síl agus an soláthar leanúnach síl san Aontas a choinneáil ar bun.

Ina theannta sin, tá an togra seo ag teacht le haidhmeanna Chomhstraitéis Eorpach an Aontais Eorpaigh le haghaidh na Bolaive, arna seoladh in 2018, mar cuirfidh sé borradh faoi thrádáil síl a chomhlíonann rialacha an Aontais agus cuirfidh sé le forbairt tuaithe sa Bholaiv.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an ghnímh seo, airteagal lena dtugtar de chumhacht do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle forálacha a bhunú is gá chun cuspóirí an chomhbheartais talmhaíochta a shaothrú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an tionscnamh seo le hinniúlacht eisiach an Aontais de réir Airteagal 43 de CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

Ina theannta sin, is ar leibhéal an Aontais a rialaítear ceanglais maidir le margú síl. Chun a áirithiú gur féidir síol allmhairithe a aistriú gan srian sa Mhargadh Aonair, is gá gníomh a dhéanamh ar leibhéal an Aontais.

- **Comhréireacht**

Is é seo an t-aon fhoirm ghníomhaíochta amháin de chuid an Aontais ar trínar féidir an cuspóir saothraithe a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Cinneadh an ionstraim iomchuí le haghaidh cur chun feidhme teicniúil na gceanglas atá ann cheana.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireadh na Ballstáit ar an eolas faoi mheasúnú dlíthiúil ar reachtaíocht ábhartha na Bolaive agus faoin iniúchadh a rinneadh chun coibhéis chóras na Bolaive a bhunú agus chuathas i gcomhairle leo maidir le gnéithe an tionscnaimh. Tá trácht déanta ag an mBolaiv féin ar an dréacht-tuarascáil iniúchóireachta agus tá na hathruithe molta curtha chun feidhme aici chun déileáil leis na heasnaimh a sainaithníodh. Foilsíodh Treochlár a mhéid a bhaineann le coibhéis a dheonú don Bholaiv le haghaidh aiseolais ó na páirtithe leasmhara ón 19 Lúnasa 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr. Níor cuireadh ach aighneacht amháin isteach agus ní cheistíonn sé an moladh coibhéis a dheonú don Bholaiv. Cuireadh na páirtithe leasmhara agus na Ballstáit ar an eolas freisin maidir le síneadh a chur le cur i bhfeidhm Chinneadh 2003/17/CE ón gComhairle.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá córas coibhéise an Aontais i bhfeidhm le roinnt mhaith blianta anuas agus tá sé ag brath den chuid is mó ar Scéim Síolta ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta agus ar mhodhanna an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) nó, i gcás inarb iomchuí, ar rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta (AOSA), ar rialacha iad atá coibhéiseach le rialacha de chuid an ISTA. Leis an gcreat iltaobhach sin le haghaidh trádáil idirnáisiúnta síolta, cuirtear ráthaíochtaí breise ar fáil maidir le cáilíocht an tsíl allmhairithe agus maidir le comhlíonadh reachtaíocht an Aontais.

Maidir leis an síol a allmhairítear ó thríú tíortha faoin gcóras coibhéise, beidh sé faoi réir cigireachtaí oifigiúla arna ndéanamh maidir le margú síl ag na Ballstáit, trí sheiceálacha randamacha ar a laghad, chun comhlíonadh cheanglais agus choinníollacha na dTreoracha maidir le margú síl i dTreoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 2002/54/CE, 2002/55/CE agus 2002/57/CE a fhíorú.

Rinne an Coimisiún measúnú reachtach ar an gcóras atá i bhfeidhm sa Bholaiv. Ina theannta sin, tá iniúchadh déanta ag a chuid seirbhísí sa Bholaiv agus tá tuarascáil curtha i dtoll a chéile acu ina bhfuil cur síos ar thoradh an iniúchta sin, tuarascáil atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Ina theannta sin, is comhalta í an Bholaiv de Scéimeanna Síolta ECFE agus déantar sampláil agus tástáil síl le haghaidh dheimhniú ECFE i gcomhréir le rialacha ISTA.

- **Measúnú tionchair**

Is Cinneadh de chineál teicniúil amháin é seo, lena gcuirtear chun feidhme na rialacha atá ann cheana. Tá deonú coibhéise cigireachtaí allamuigh a dhéantar i dtríú tíortha ar bharra táirgthe síl agus coibhéis síl a tháirgtear i dtríú tíortha bunaithe ar Scéimeanna Síolta ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta agus ar mhodhanna an Chomhlachais Idirnáisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA). Tá dlúthbhaint ag an Aontas agus a Bhallstáit le forbairt na scéimeanna agus na modhanna sin, a bhfuil

reachtaíocht an Aontais bunaithe orthu freisin agus a n-onnmhairítear síolta ó na Ballstáit go tríú tíortha i gcomhréir leo. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon bhaint ag an togra seo le REFIT. Níl aon tionchar ag an togra ar chostais chomhlíontachta d'oibreoirí. Ní bhaineann an 'Measúnú Digiteach' le hábhar an togra seo.

- **Cearta bunúsacha**

Níl aon iarmhairtí ag gabháil leis an togra seo maidir le cosaint na gceart bunúsach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí buiséadacha ag an togra seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an bhforáil aonair shubstainteach sa togra leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle ar dtús tríd an tréimhse ina gcuirfear i bhfeidhm é a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2029 agus ar an dara dul síos tríd an mBolaiv a chur le liosta na dtríú tíortha a meastar cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl agus ar shíol a tháirgtear sna tíortha sin a bheith coibhéiseach le cigireachtaí allamuigh agus táirgeadh síl an Aontais, ach i ndáil le sorgam, arbhar Indiach agus lus na gréine amháin.

2022/0016 (COD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena thréimhse feidhme agus a mhéid a bhaineann le coibhéis cigireachtaí allamuigh a dhéantar sa Bholaiv maidir le barra táirgthe síl gránach agus le barra táirgthe síl plandaí ola agus plandaí snáithín agus maidir le coibhéis síl gránach agus síol plandaí ola agus plandaí snáithín a tháirgtear sa Bholaiv**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Cinneadh 2003/17/CE[3] ón gComhairle go measfar, faoi choinníollacha áirithe, cigireachtaí allamuigh a dhéantar ar bharra táirgthe síl áirithe sna tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin a bheith coibhéiseach le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i gcomhréir le dlí an Aontais. Foráiltear leis freisin, faoi choinníollacha áirithe, go ndéanfar síol speiceas áirithe a tháirgtear sna tíortha sin a mheas mar shíol atá coibhéiseach le síol a tháirgtear i gcomhréir le dlí an Aontais.

(2) Tá coibhéis deonaithe do na tríú tíortha sin trí bhrath ar chreat iltaobhach le haghaidh thrádáil idirnáisiúnta síolta, eadhon Scéim Síolta ECFE maidir le Deimhniú Cineáil ar Shíolta a bhíonn ag gluaiseacht sa Trádáil Idirnáisiúnta agus ar mhodhanna an Chomhlachais Náisiúnta um Thástáil Síolta (ISTA) nó, i gcás inarb iomchuí, ar rialacha Chomhlachas na nAnailísithe Oifigiúla Síolta, ar rialacha iad atá coibhéiseach le rialacha de chuid an ISTA. Rinne an Coimisiún measúnuithe reachtacha agus iniúchtaí reachtacha i gcuid de na tríú tíortha sin freisin chun a fhíorú an gcomhlíonann siad na ceanglais faoi reachtaíocht an Aontais sula ndeonaítear coibhéis den chéad uair. Léiríonn tástáil agus tuairisciú bliantúil laistigh de chreat ECFE, ath-iniúchóireacht thréimhsiúil ar shaotharlanna le haghaidh chreidiúnú ISTA, chomh maith le cigireachtaí oifigiúla i gcomhthéacs reachtaíocht an Aontais, go leanann na

2 IO C , , lch. .

3 Cinneadh 2003/17/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le coibhéis cigireachtaí allamuigh arna ndéanamh i dtríú tíortha ar bharra táirgthe síolta agus maidir le coibhéis síolta arna dtáirgeadh i dtríú tíortha (IO L 8, 14.1.2003, lch. 10).

cigireachtaí allamuigh a dhéantar sna tríú tíortha sin de na ráthaíochtaí céanna a thabhairt do na cigireachtaí allamuigh a dhéanann na Ballstáit agus go bhfuil na ráthaíochtaí céanna ar fáil i gcónaí do shíol a tháirgtear agus a dheimhnítear sna tríú tíortha sin agus a thugtar do shíol a tháirgtear agus a dheimhnítear sna Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart na cigireachtaí sin ar an ithir agus síolta a mheas mar chigireachtaí atá coibhéiseach le ceanglais an Aontais.

(3) In 2016, chuir an Bholaiv iarratas faoi bhráid an Choimisiúin maidir le coibhéis a dheonú dá córas cigireachtaí allamuigh ar bharra táirgthe síl agus ar shíol *Sorghum* spp. (sorgam), *Zea mays* (arbhar Indiach) agus *Helianthus annuus* (lus na gréine) a tháirgtear agus a dheimhnítear sa Bholaiv.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú ar reachtaíocht ábhartha na Bolaive agus rinne sé iniúchadh in 2018 ar an gcóras maidir le rialuithe oifigiúla i ndáil le táirgeadh síl agus deimhniú síl maidir le harbhar Indiach, sorgam agus lus na gréine sa Bholaiv, agus a choibhéis le ceanglais an Aontais. D'fhoilsigh sé torthaí an iniúchta i dtuarascáil[4].

(5) Léirigh an t-iniúchadh sin go bhfuil córas dea-eagraithe ann le haghaidh táirgeadh agus deimhniú síl sa Bholaiv. Shainaithin an Coimisiún roinnt easnamh agus chuir sé moltaí ar fáil don Bholaiv. Ós rud é go ndeachaigh an Bholaiv i ngleic leis na heasnaimh sin faoin 30 Samhain 2018, comhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2003/17/CE agus na ceanglais faoi seach a leagtar amach i dTreoracha 66/402/CEE[5] agus 2002/57/CE ón gComhairle[6].

(6) Dá bhrí sin, is iomchuí coibhéis a dheonú maidir le cigireachtaí allamuigh a dhéantar i ndáile leis na barra táirgthe síl sorgam, arbhar Indiach agus lus na gréine sa Bholaiv agus a mhéid a bhaineann le síol sorgaim, arbhair Indiaigh agus lus na gréine a tháirgtear sa Bholaiv agus aa dheimhníonn a húdaráis go hoifigiúil.

(7) Ós rud é go rachaidh Cinneadh 2003/17/CE in éag an 31 Nollaig 2022, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse dá n-aithnítear coibhéis faoin gCinneadh sin, chun aon riosca go gcuirfí isteach ar allmhairiú síl isteach san Aontas a sheachaint. I bhfianaise na n-infheistíochtaí agus an ama is gá chun síol a tháirgeadh arna dheimhniú i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, is iomchuí síneadh seacht mbliana a chur leis an tréimhse sin.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2003/17/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh 2003/17/CE**

Leasaítear Cinneadh 2003/17/CE mar a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an dáta '31 Nollaig 2023' in ionad an dáta '31 Nollaig 2022';

---

4 Tuarascáil deiridh ar iniúchadh a rinneadh i Stát Ilnáisiúnach na Bolaive ón 14 Márta 2018 go dtí an 22 Márta 2018 chun meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras rialuithe oifigiúla agus ar dheimhniú síl agus ar a gcoibhéis le ceanglais an Aontais Eorpaigh, http://ec.europa.eu/food/fvo/rep_details_2_en.cfm?rep_id=4005.

5 Treoir 66/402/CEE ón gComhairle an 14 Meitheamh 1966 maidir le síol gránach a mhargú (IO 125, 11.7.1966, lch. 2309).

6 Treoir 2002/57/CE ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le síolta plandaí ola agus snáithín a mhargú (IO L 193, 20.7.2002, lch. 74).

(2) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*
***Teacht i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*
**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*